# COMHAIRLE CHONTAE UÍBH FHAILÍ [1]

## FÓGRA LÁITHREÁIN

Tá sé ar intinn agamsa, ____________________[2], iarratas a dhéanamh ar chead/chead coinneála/chead sracléaráide /chead de dhroim cead sracléaráide a dheonú (Uimh. Thag. cheada sracléaráide)[3] le haghaidh forbartha ag an láithreán seo ________________________________________________________________________________
________________________________________________________________________________
________________________________________________________________________________[4]

Is éard a bheidh/atá san fhorbairt [5] ______________________________________________
________________________________________________________________________________
________________________________________________________________________________
________________________________________________________________________________[6]

Féadfar an t-iarratas pleanála a iniúchadh, nó a cheannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhainfidh le cóip a dhéanamh, ag oifigí an údaráis pleanála i rith a huaireanta oscailte poiblí.

Féadfar aighneacht nó barúlacht i ndáil leis an iarratas a dhéanamh i scríbhinn chuig an údarás pleanála ach an táille fhorordaithe, €20, a íoc laistigh den tréimhse 5 seachtaine dar tús an dáta a fhaigheann an t-údarás an t-iarratas, agus breithneoidh an t-údarás pleanála na haighneachtaí nó na barúlachtaí sin chun cinneadh a dhéanamh ar an iarratas. Féadfaidh an t-údarás pleanála cead a dheonú faoi réir coinníollacha nó gan choinníollacha, nó féadfaidh sé diúltú cead a dheonú.

Arna shíniú ag: _________________________________[7]

An dáta a cuireadh an fógra láithreáin suas _______________[8]

**Treoracha maidir leis an bhfógra seo a chomhlánú**

1. Ba chóir ainm an údaráis pleanála a ndéanfar an t-iarratas pleanála chuige a chur isteach anseo.

2. Ba chóir ainm an iarratasóra ar chead (agus ní a ghíomhaire nó a gníomhaire) a chur isteach anseo.

3. Scrios amach de réir mar is cuí. Is iad seo a leanas na cineálacha ceada a fhéadfar a lorg–

   (a) cead,

   (b) cead coinneála,

   (c) cead sracléaráide,

   (d) cead de dhroim cead sracléaráide a dheonú. Más é seo an cineál ceada atá á lorg, ba chóir uimhir thagartha an cheada sracléaráide ábhartha ar an gclár pleanála a bheith ann.

4. Ba chóir suíomh, baile fearainn nó seoladh poist na talún nó an déanmhais lena mbaineann an t-iarratas a chur isteach anseo.

5. Scrios amach de réir mar is cuí. Ba chóir an aimsir láithreach a úsáid sa chás go bhfuil cead coinneála á lorg.

6. Ba chóir tuairisc ghairid ar chineál agus ar mhéid na forbartha a chur isteach anseo. Ba chóir an méid seo a leanas a bheith sa tuairisc–

   (a) sa chás go mbaineann an t-iarratas le forbairt arb éard atá inti, nó atá ar cuimsiú inti, tithe a sholáthar, líon na dtithe atá le soláthar. Folaíonn 'tithe' foirgnimh atá deartha mar 2 theaghais nó árasán, theaghaisín nó theaghais eile nó níos mó laistigh d'fhoirgneamh,

   (b) sa chás go mbaineann an t-iarratas le déanmhas a choinneáil, an cineál úsáide atá beartaithe don déanmhas agus, más cuí, an tréimhse dá bhfuil sé beartaithe an déanmhas a choinneáil,

   (c) sa chás go mbaineann an t-iarratas le forbairt arbh éard a bheadh inti, nó a bheadh ar cuimsiú inti, oibreacha a dhéanamh ar dhéanmhas cosanta nó ar dhéanmhas cosanta beartaithe, léiriú ar an bhfíoras sin,

   (d) sa chás go bhfuil ráiteas tionchair timpeallachta nó ráiteas tionchair Natura ullmhaithe i leith an iarratais pleanála, léiriú ar an bhfíoras sin,

   (e) sa chás go mbaineann an t-iarratas le forbairt arb éard í gníomhaíocht, nó a bheadh chun críocha gníomhaíochta, dá bhfuil ceadúnas um rialú comhtháite ar thruailliú nó ceadúnais dramhaíola ag teastáil, léiriú ar an bhfíoras sin, nó

   (f) sa chás go mbaineann iarratas pleanála le forbairt arb éard í bunachas a sholáthar, nó mionathruithe a dhéanamh air, de réir bhrí Chuid 11 de na Rialacháin seo (Treoir um Mórthionóiscí), léiriú ar an bhfíoras sin.

7. Ba chóir síniú an iarratasóra nó síniú agus seoladh teagmhála an duine atá ag gníomhú thar ceann an iarratasóra a chur isteach anseo.

8. Ba chóir an dáta a dhéantar an fógra a chur suas nó a shocrú ag an láithreán a chur isteach anseo.